Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2020
(OR. en)

11387/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0164 (NLE)**

**UD 245**
**COEST 187**
**WTO 216**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, maidir le nuashonrú a dhéanamh ar Iarscríbhinn XIII (Comhfhogasú na reachtaíochta custaim) a ghabhann leis an gComhaontú |

**CINNEADH (AE) 2020/…ÓN gCOMHAIRLE**

**an…**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, maidir le nuashonrú a dhéanamh ar Iarscríbhinn XIII (Comhfhogasú na reachtaíochta custaim) a ghabhann leis an gComhaontú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile[1] ("an Comhaontú") a thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2016/838[2] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2016.

(2) De bhun Airteagal 406(3) den Chomhaontú, tá de chumhacht ag an gComhairle Chomhlachais na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a nuashonrú nó a leasú.

(3) De bhun Airteagal 408(2) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle Chomhlachais aon cheann de na cumhachtaí atá aici a tharmligean chuig an gCoiste Comhlachais, lena n-áirítear an chumhacht cinntí ceangailteacha a dhéanamh.

(4) De bhun Airteagal 1 de Chinneadh Uimh. 3/2014 ón gComhairle Chomhlachais[3], tharmlig an Chomhairle Chomhlachais an chumhacht na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a bhaineann, *inter alia*, le Caibidil 5 (Custam agus éascú na trádála) de Theideal IV (Trádáil agus Nithe a bhaineann le Trádáil) den Chomhaontú a nuashonrú nó a leasú chuig an gCoiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála, a mhéid nach bhfuil aon fhorálacha sonracha i gCaibidil 5 a bhaineann leis na hIarscríbhinní sin a nuashonrú nó a leasú.

---

1 IO L 261, 30.8.2014, lch. 4.

2 Cinneadh (AE) 2016/838 ón gComhairle an 23 Bealtaine 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile (IO L 141, 28.5.2016, lch. 26).

3 Cinneadh Uimh. 3/2014 ó Chomhairle Comhlachais AE- na Seoirsia an 17 Samhain 2014 maidir le cumhachtaí áirithe a tharmligean chuig an gCoiste Comhlachais ag an gComhairle Chomhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála [2015/2263] (IO L 321, 5.12.2015, p. 72.).

(5) Tá an Coiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála, le linn an 7ú cruinniú, le cinneadh a ghlacadh maidir le nuashonrú a dhéanamh ar Iarscríbhinn XIII (Comhfhogasú reachtaíochta custaim) a ghabhann leis an gComhaontú.

(6) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála a bhunú, a mhéid a bheidh an cinneadh atá beartaithe ceangailteach ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Bunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag 7ú cruinniú an Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála, dá dtagraítear in Airteagal 408(4) den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, maidir le nuashonrú a dhéanamh ar Iarscríbhinn XIII (Comhfhogasú na reachtaíochta custaim) a ghabhann leis an gComhaontú, ar Dhréachtchinneadh an Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála[1].

*Airteagal 2*

Tar éis a ghlactha, foilseofar Cinneadh an Choiste Comhlachais i ndáil le cumraíocht Trádála dá dtagraítear in Airteagal 1 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST 11388/20 ag http://register.consilium.europa.eu.